



C/2026/1827

30.3.2026

**FÓGRA ÉARCAÍOCHTA Uimh. COR/SG/AD16/01/26**  
**maidir le post Ard-Rúnaí (M/F) in Ardrúnaíocht Choiste Eorpach na Réigiún (Grád earcaíochta AD 16)**

(C/2026/1827)

Foilsíú faoi Airteagal 2(a) agus Airteagal 8 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh

**1. RÉAMHRÁ**

Faoi údarás an Uachtaráin, a dhéanann ionadaíocht ar an mBiúró, tá sé <sup>(1)</sup> de chúram ar Ard-Rúnaí Choiste Eorpach na Réigiún (dá ngairtear CnaR anseo feasta) na cinntí a dhéanann an Biúró nó an tUachtarán a chur chun feidhme i gcomhréir le forálacha Rialacha Nós Imeachta CnaR agus leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair. Cumhdaítear leis na cinntí sin, go háirithe, eagrú agus bainistiú ardrúnaíocht CnaR (thart ar 550 ball foirne reachtúil agus buiséad bliantúil de thart ar EUR 140 milliún) chun cúnamh éifeachtach a chur ar fáil don CnaR agus dá chomhlachtaí, agus dá chomhaltaí, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

**2. COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN**

Is comhlacht comhairleach é CnaR a bunaíodh i 1994. Is é tionól an Aontais Eorpaigh (AE) d'ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha é. Tá 329 gcomhalta ann faoi láthair ar ionadaithe iad ar chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa. Maidir leis na comhaltaí sin:

- cónaíonn siad, oibríonn siad agus toghtar iad sna réigiúin nó sna cathracha as a dtagann siad;
- go bhfuil siad i dteagmháil le hábhair inní a saoránach;
- ina n-urlabhraithe dá bpobail áitiúla atá i gcoirlár phróiseas cinnteoireachta agus reachtach an Aontais agus iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí an Aontais.

Ní mór dul i gcomhairle le CnaR le linn an phróisis reachtaigh ina bhfuil Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh rannpháirteach sna réimsí seo a leanas: iompar, fostaíocht, beartas sóisialta, Ciste Sóisialta na hEorpa, oideachas, gairmoiliúint, an óige agus spórt, cultúr, sláinte phoiblí, gréasáin thras-Eorpacha, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, cistí struchtúracha, comhshaol agus fuinneamh.

Is é CnaR caomhnóir phrionsabal na coimhdeachta freisin. Faoi Chonradh Liospóin, tá sé de cheart aige caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh aon uair a mheasann sé nár urramaíodh an prionsabal.

Glacann CnaR ról dáiríre freisin maidir le nasc a chruthú idir an Eoraip agus a saoránaigh, feachtais faisnéise áitiúla agus réigiúnacha a mhéadú, imeachtaí áitiúla agus ardáin a bhunú le haghaidh líonrú idir réigiúin agus le haghaidh gnólachtaí freisin.

Ar deireadh, tá comhpháirtíocht ghníomhach forbartha aige leis na hinstiúidí Eorpacha eile.

**3. DUALGAIS AN ARD-RÚNAÍ**

Agus a dhualgais riaracháin á gcomhlíonadh aige bunaithe ar ráiteas misin CnaR agus ar an sainordú a thug ceannaireacht pholaitiúil CnaR, beidh sé de dhualgas ar an Ard-Rúnaí, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bainistiócht den scoth ar an bpearsanra a áirithiú ionas go mbeidh riarachán CnaR dírithe ar an méid seo a leanas: cuidiú leis na comhaltaí an tionchar beartais is mó is féidir a bhaint amach, líonra teagmhálacha agus infheictheachta CnaR a leathnú ar an leibhéal fonáisiúnta, agus cultúr na seirbhíse do na comhaltaí a fhorbairt go leanúnach, go háirithe de réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht agus na modhanna oibre;
- cúnamh a thabhairt don Uachtarán maidir le cruinnithe an Bhiúró agus an Tionóil Iomlánaigh a ullmhú, nósanna imeachta a urramú agus a áirithiú go ndéantar cinntí a dhéantar i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta CnaR a chur chun feidhme go cúí;

<sup>(1)</sup> Aon tagairt san fhógra seo do dhuine den ghnéas fireann, measfar gur tagairt í freisin do dhuine den ghnéas baineann.

- cúnadh a thabhairt don Uachtarán ionadaíocht ar leasanna CnaR a ullmhú vis-à-vis na hinstiúidí agus na comhlachtaí Eorpacha eile agus go hidirnáisiúnta, agus ionadaíocht a dhéanamh ar CnaR i gcás ina bhfuil na leasanna sin ar an leibhéal riaracháin;
- an comhar agus an comhordú is gá a áirithiú i measc ardstiúrthóireachtaí CnaR, agus idirchaidreamh a dhéanamh le hArd-Rúnaithe agus rúnaíochtaí Ghrúpaí Polaitiúla CnaR ag an am céanna;
- tograí a chur faoi bhráid an Bhiúró arb é is aidhm dóibh an ardrúnaíocht a reáchtáil ar bhealach a chuirfidh cúnadh éifeachtach ar fáil do CnaR agus dá chomhlachtaí agus dá chomhaltaí agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu;
- páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Bhiúró a bhfuil ról comhairleach acu;
- ullmhú chlár bliantúil agus ilbhliantúil obair CnaR a eagrú;
- maoirseacht a dhéanamh ar obair chomhsheirbhísí CnaR/Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gcomhréir leis an gcomhaontú comhair idirinstiúidigh arna thabhairt i gcrích idir an dá Choiste;
- an comhar a d'fhéadfadh a bheith ann le hinstiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais a uasmhéadú trí chreatchonarthaí idirinstiúideacha agus comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse, go háirithe le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach, i réimsí an leasa choitinn;
- feidhmeoidh sé na cumhachtaí a dhílsítear dó leis na Rialacháin Foirne agus le Rialacha Nós Imeachta CnaR mar Údarás Ceapacháin agus mar Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích;
- dréachtmheastacháin CnaR ar chaiteachas agus ar ioncam a tharraingt suas agus an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cumhachtaí atá dílsithe dó/dí;
- a áirithiú go mbainfeadh an úsáid is fearr is féidir as na hacmhainní daonna agus airgeadais arna leithdháileadh ar CnaR ag na húdaráis bhuiséadacha mar oifigeach údarúcháin trí tharmligean.

#### 4. CRITÉAR IONTRÁLA

Tá an próiseas roghnúcháin oscailte do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir seo a leanas **ar an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach**. Ní mór d'iarrthóirí:

- a bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- cearta iomlána mar shaoránach a bheith acu agus teistiméireachtaí carachtair iomchuí a chur ar fáil maidir lena n-oiriúnacht chun dualgais an Ard-Rúnaí a chomhlíonadh;
- aon oibleagáidí reachtúla a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- de réir Rialacha Nós Imeachta CnaR (Riail 72(2)), fostófar an tArd-Rúnaí ar feadh cúig bliana;
- a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh; sula n-earcófáir é, déanfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis a scrúdú i gceann d'ionaid leighis instiúidí an Aontais chun a dheimhniú go gcomhlíonann sé na ceanglais reachtúla;
- leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí bliana amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad;
- taithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad a bheith acu a bhaineann le dualgais an phoist tar éis dóibh an dioplóma dá dtagraítear sa fhleasc roimhe seo a fháil; i gcás inar trí bliana an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, measfar gur cuid dhílis den dioplóma an bhliain de thaithí ghairmiúil is gá chun an tréimhse oideachais sin a chomhlánú agus beidh an taithí sin sa bhreis ar an líon blianta de thaithí ghairmiúil a éilítear faoin bhfleasc seo; ní mór cúig bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil a bheith faighte i bpost bainistíochta sinsearaí;
- eolas críochnúil a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais mar phríomhtheanga agus eolas sásúil a bheith acu ar an dara teanga oifigiúil den Aontas; i bhfianaise chineál na ndualgas atá le comhlíonadh, teastaíonn eolas maith (leibhéal B2 ar a laghad den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha <sup>(?)</sup>) ar an mBéarla nó ar an bhFraincis; ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an gá ball foirne a earcú ag a bhfuil na cáilíochtaí is airde inniúlachta, feidhmíochta agus ionracais agus leasanna na seirbhíse, lena gceanglaítear ar iarrthóir a bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh laistigh den instiúid le linn a chuid oibre laethúla i gceann de na teangacha is mó a úsáideann oifigigh agus baill foirne eile an

(?) <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale>.

Aontais mar theanga inmheánach oibre. Dá bhrí sin, is modh comhréireach é eolas teanga na n-iarrthóirí a thástáil le linn an nós imeachta earcaíochta chun a fhíorú go bhfuil na cáilíochtaí is airde acu chun dualgais an Ard-Rúnaí a chomhlíonadh i dtimpeallacht oibre an CnaR. Iarrfar ar iarrthóir a bhfuil ceann de na teangacha thuasluaite mar phríomhtheanga aige le linn an agallaimh é féin a chur in iúl go sásúil i dteanga oifigiúil eile seachas a phríomhtheanga. Beidh an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile den Aontas ina bhuntáiste;

- luafar sa dearbhú sínithe (féach pointe 7.1 thíos) go gcomhlíonann siad na ceanglais i réimse na scileanna teanga, a ndéanfar measúnú orthu le linn an agallaimh.

## 5. CRITERIA SCAGTHA TOSAIGH (scrúdú ar an iarratas)

5.1. Déanfar an chéad scagadh ar iarrthóirí i bhfoirm measúnú comparáideach ar a dtaithe ghairmiúil ar bhonn na faisnéise a thug siad ina n-iarratais.

Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil na nithe seo a leanas acu:

### *Scileanna ceannaireachta*

- taithe ar mhaoirseacht a dhéanamh ar fhoirne móra idirnáisiúnta, ilteangacha agus ilchultúrtha bainisteoirí, lena n-áirítear measúnú feidhmíochta agus forbairt foirne, arna gcruthú trí thuariscí poist nó trí fhianuithe foirmiúla.
- freagracht as struchtúir riaracháin chasta idirnáisiúnta a stiúradh ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de, arna fhianú le dualgais bhainistíochta a shannadh go hoifigiúil.
- rannpháirtíocht dhoiciméadaithe i gclaochlú eagraíochtuil, arna léiriú trí rannpháirtíocht in athchóirithe nó i bpróisis athstruchtúraithe a glacadh go foirmiúil.
- taithe ar chinntí straitéiseacha a dhéanamh i gcomhthéacsanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, mar a léirítear le freagrachtaí oifigiúla nó le rannpháirtíocht i gcomhlachtaí- ardleibhéil.

### *Scileanna caibidlíochta agus cumarsáide*

- taithe ar chaibidlíocht-ardleibhéil agus ar fhorbairt comhdhearcaidh, le tacaíocht ó ról oifigiúla lena mbaineann comhordú idirinstiúideach, sainorduithe ionadaíochta nó rannpháirtíocht dhoiciméadaithe i gcinnteoireacht ardleibhéil.
- freagrachtaí foirmiúla maidir le cumarsáid agus ionadaíocht instiúideach, arna bhfianú trí chúraimí oifigiúla lena mbaineann cumarsáid le páirtithe leasmhara polaitiúla, riaracháin nó seachtracha.

### *Eolas agus taithe a bhaineann le dualgais an phoist*

- eolas fíoraithe ar bheartais agus ar chinnteoireacht an Aontais agus cur amach ar ghnéithe réigiúnacha nó áitiúla de lánpháirtí na hEorpa, arna léiriú trí phoist atá acu nó trí fhreagrachtaí oifigiúla.
- taithe dhoiciméadaithe ar chomhar idirinstiúideach nó ar thimpeallachtaí polaitiúla ar leibhéal an Aontais, le tacaíocht ó thascanna roimhe seo.
- taithe roimhe seo ar thionscnaimh- bainistithe athruithe nó nuachóirithe, arna léiriú le dualgais i dtionscadail chlaochlaithe dhigitigh, athchóirithe nó nuálaíochta.
- eolas ar chreataí riaracháin, buiséadacha agus dlíthiúla an Aontais, a léirítear trí chúraimí atá sannta go hoifigiúil.

5.2. Déanfar an chéad scagadh ar iarrthóirí freisin i bhfianaise na gcúiseanna atá acu le dualgais an Ard-Rúnaí a ghlacadh agus i bhfianaise na físe atá acu ar bhreisluach CnaR agus ar na dúshlán a bheidh roimh an instiúid amach anseo, mar a leagtar amach ina litir iarratais.

## 6. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN (agallamh)

Is trí agallamh a dhéanfar an roghnú, agus lena linn sin cuirfidh an painéal roghnúcháin dá dtagraítear i bpointe 7.3 thíos roinnt ceisteanna comhchosúla ar na hiarrthóirí chun measúnú comparáideach a dhéanamh ar na hiarrthóirí éagsúla atá á mbreithniú ag an gcéim sin.

Bainfidh na ceisteanna go háirithe leis an méid seo a leanas:

- cumas na n-iarrthóirí straitéisí nuálacha a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, cuspóirí CnaR amach anseo a shainiú, na torthaí atá le baint amach a leagan amach agus a thuariscíú, agus iad a chur in iúl ar bhealach gonta diongbháilte;
- cumas na n-iarrthóirí ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna CnaR ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Le linn an agallaimh, déanfaidh an painéal roghnúcháin measúnú go háirithe ar scileanna bainistíochta na n-iarrthóirí, ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh, ar a n-inrochtaineacht agus a n-oscailteacht, ar a scileanna caibidlíochta agus ar a raon spéise.

Déanfar measúnú freisin le linn an agallaimh ar na scileanna teanga is gá chun dualgais Ard-Rúnaí CnaR a chomhlíonadh, go háirithe an t-eolas ar an mBéarla nó ar an bhFraincis a luaitear sna critéir iontrála.

Beidh an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile den Aontas ina bhuntáiste.

## 7. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

### 7.1. Iarratais a chomhdú

Ní mór iarratais a sheoladh, trí ríomhphost amháin, i **bhformáid pdf** chuig an seoladh seo a leanas: [vacancysg@cor.europa.eu](mailto:vacancysg@cor.europa.eu).

Iarrthóirí faoi mhíchumas a fhágann nach féidir leo a n-iarratas a chur isteach ar líne, féadfaidh siad é a sheoladh tríd an bpost cláraithe agus cruthúnas seachadta ag an seoladh seo a leanas: *Coiste Eorpach na Réigiúin, Le cur faoi bhráid an Uachtaráin, rue Belliard/Belliardstraat 101, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/België*, marcáilte *Faoi Rún – fógra earcaíochta – gan oscailt ag an roinn poist*, faoin dáta deiridh le haghaidh iarratais a shonraítear i bpointe 7.2 thíos ar a dhéanaí, mar a léirítear sa phostmharc. Déanfar aon chumarsáid ina dhiaidh sin idir CnaR agus na hiarrthóirí sin tríd an bpost. Ní mór d'iarrthóirí a dhéanann iarratas tríd an bpost deimhniú, arna eisiúint ag comhlacht inniúil, lena bhfianaítear a stádas míchumais, a chur i gceangal lena n-iarratas. Iarrtar orthu freisin aon socruithe a mheasann siad a bheith riachtanach chun a rannpháirtíocht sa nós imeachta earcaíochta a éascú a chur in iúl ina bhfocail féin.

Ní mór uimhir thagartha an fhógra earcaíochta a lua i líne an ábhair sna hiarratais agus ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh iontu:

- litir chumhdaigh ina mínítear inspreagadh an iarrthóra iarratas a dhéanamh, ina gcuirtear i láthair an fhís atá aige maidir leis na dúshláin pholaitiúla agus eagraíochtúla a bheidh roimh an institiúid amach anseo, ina leagtar amach a thograí le haghaidh nuachóiriú, ina léirítear a chumas acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, agus ina leagtar béim ar éachtaí nithiúla lena léirítear a scileanna ceannaireachta, caibidlíochta agus cumarsáide, agus a n-oiriúnacht pholaitiúil agus bhainistíochta don phost (5 leathanach ar a mhéad <sup>(3)</sup>), **arna síniú** agus arna dhátú;
- curriculum vitae atá cothrom le dáta (formáid Europass);
- ní mór curriculum vitae agus an litir chumhdaigh a bheith scríofa i mBéarla nó i bhFraincis <sup>(4)</sup>. Ina CV, ní mór do na hiarrthóirí a chur in iúl, ar feadh na gcúig bliana ar a laghad ina ndearna siad dualgais ardbhainistíochta, (1) teideal agus cineál na ndualgas bainistíochta, (2) líon na mball foirne a ndearnadh maoirseacht orthu faoi chuimsiú a ndualgas, (3) méid na mbuiséad atá faoina maoirseacht dhíreach.
- dearbhú, **sínithe** agus dátaithe (foirm in Iarscríbhinn 1), go gcomhlíontar na critéir iontrála a leagtar amach i bpointe 4 thuas;
- an seicliosta in Iarscríbhinn 2, **sínithe** agus dátaithe;
- **cóip de cheann amháin de dhoiciméid aitheantais oifigiúla an iarrthóra;**
- cóip den **diplóma lena dtugtar rochtain ar an ngrád** (féach pointe 4 thuas);
- cóip de na **doiciméid ghairmiúla lena ndeimhnítear taithí an iarrthóra**, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointe 5 thuas. **Ní mór fad na fostaíochta agus, más féidir, an leibhéal freagrachta atá i gceist a lua go soiléir sna doiciméid.**

Ní gá na cóipeanna atá san iarratas a dheimhniú.

<sup>(3)</sup> Cuimsíonn leathanach caighdeánach 1 500 carachtar gan spásanna.

<sup>(4)</sup> Cinnteoidh an painéal roghnúcháin nach mbeidh aon bhuntáiste míchuí ag iarrthóirí arb í ceann de na teangacha sin a bpríomhtheanga.

**Déanfar comhlíonadh na gcritéar iontrála a leagtar amach i bpointe 4 a sheiceáil ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear sna doiciméid tacaíochta agus ar an mbonn sin amháin. Ní chuirfear san áireamh faisnéis a sholáthraítear sa CV nó sa litir chumhdaigh amháin gan doiciméid tacaíochta a bheith mar thaca léi.**

**Maidir leis an taithí ghairmiúil a cheanglaítear faoi phointe 4, ní mór cóipeanna de chruthúnais ar thaithí ghairmiúil a sholáthar ina léireofar inneachar na ndualgas, an fad a mhair na poist agus an leibhéal freagrachta.**

Beidh an fíorú ar urramú na gcritéar iontrála maidir leis an eolas teanga is gá bunaithe ar an dearbhú de mheon macánta; déanfar leibhéal na scileanna teanga a thástáil le linn an agallaimh roghnúcháin (féach pointe 6 den fhógra earcaíochta).

**Beidh réamhroghnú na n-iarrthóirí inghlactha bunaithe ar na critéir a leagtar amach faoi phointe 5 mar atá doiciméadaithe sna hiarratais arna gcur isteach ag na hiarrthóirí. Dá bhrí sin, iarrtar orthu aird a tharraingt ina CV agus ina litir chumhdaigh ar gach gné ábhartha dá dtaithe ghairmiúil lena gcuirtear ar chumas an phainéal roghnúcháin measúnú a dhéanamh ar mhéid an chomhfhreagrais le ceanglais an fhógra folúntais seo.**

Agus an comhad iarratais á ullmhú, ní gá na cóipeanna a dheimhniú mar chóipeanna atá i gcomhréir leis an mbunleagan.

Ní bhreithneofar comhaid iarratais agus comhaid iarratais neamhiomlána a chuirfear isteach tar éis dhul in éag an sprioc-ama chun iarratas a dhéanamh nó mura gcloítear leis na forálacha lena rialaítear comhaid iarratais a chur isteach. Cuirfidh aon dearbhú bréagach faoi deara go huathoibríoch go mbeidh an t-iarratas ar neamhní.

## 7.2. An dáta deiridh chun iarratais a chur isteach: 28 Bealtaine 2026 ar mheán lae (am na Bruiséile)

Gheobhaidh na hiarrthóirí deimhniú go bhfuarthas a n-iarratas trí ríomhphost. Tabharfar aitheantas cuí d'aon iarratas a gheofar tríd an bpost cláraithe le cruthúnas seachadta, dá dtagraítear i bpointe 7.1 thuas.

## 7.3. Iarratais a scrúdú agus réamhchomhaid a scagadh agus a roghnú

Déanfaidh painéal roghnúcháin ar a mbeidh Uachtarán CnaR, an chéad Leas-Uachtarán agus Uachtarán ghrúpaí polaitiúla CnaR, nó a n-ionadaithe, measúnú ar na hiarratais. Tabharfaidh an Ardrúnaíocht cúnaimh riaracháin don phainéal roghnúcháin.

Tá ceithre chéim sa phróiseas, mar seo a leanas:

7.3.1. Déanfaidh an bord roghnúcháin inghlacthacht na n-iarrthóirí a sheiceáil ar bhonn a ndearbhuithe, a CVanna agus cóipeanna de na doiciméid a shonraítear i bpointe 7.1 den fhógra earcaíochta seo.

Sonraítear na critéir iontrála atá le cur i bhfeidhm ag an gcéim seo den phróiseas i bpointe 4.

7.3.2. Ansin, déanfaidh an painéal roghnúcháin scagadh ar na hiarratais a ligeadh isteach tar éis na céime a bhfuil cur síos uirthi sa phointe roimhe seo. Déanfar é seo ar bhonn an iarratais. Cuirfear ainmneacha suas le seachtar iarrthóirí is fearr a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach i bpointe 5 den fhógra earcaíochta seo ar ghearrliosta.

I bhfianaise an scagtha sin, iarrtar ar iarrthóirí aird a tharraingt ina litir chumhdaigh ar na gnéithe dá CV a oireann don phost agus na critéir scagtha a leagtar amach i bpointe 5 thuas a chumhdach.

Tabharfar cuireadh ansin do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta chuig ionad measúnaithe. Cuirfear ar an eolas iad faoin gclár agus faoin modheolaíocht in am trátha. Is é cuspóir an mheasúnaithe seo meastóireacht a dhéanamh ar a scileanna bainistíochta (faisnéis, tascanna, daoine agus caidrimh idirphearsanta a láimhseáil, agus an cumas spriocanna a bhaint amach). Beidh toradh an mheasúnaithe neamhcheangailteach agus tá sé beartaithe ionchur breise a chur ar fáil don phainéal roghnúcháin maidir leis an agallamh roghnúcháin.

7.3.3. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh roghnúcháin a dhéanfaidh an painéal roghnúcháin, i gcomhréir le forálacha phointe 6 thuas.

Iarrfar ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun an agallaimh roghnúcháin dóibh doiciméad aitheantais a chur ar fáil mar aon le bunleagan a ndiplóma agus na doiciméid lena ndeimhnítear a dtaithe ghairmiúil.

7.3.4. Tar éis na n-agallamh, molfaidh an tUachtarán don Bhiúro an t-iarrthóir is oiriúnaí chun post Ard-Rúnaí CnaR a ghlacadh. Forchoimeádann an Biúro an ceart chun agallamh a chur ar an iarrthóir arna mholadh ag an Uachtarán.

I gcomhréir le Riail 72(1) de Rialacha Nós Imeachta CnaR, tá gá le vóta fabhrach ón mBiúro, ag teacht le chéile **dó i seomra iata**, le córam sonrath chun an tArd-Rúnaí a fhostú.

Má vótáil an Biúro ina fhabhar, tabharfaidh sé treoir don Uachtarán an conradh fostaíochta a shíniú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

**Níor cheart d'iarratasóirí i gcás ar bith dul i dteagmháil leis an bpainéal roghnúcháin, go díreach nó go hindíreach, maidir leis an nós imeachta roghnúcháin seo. Forchoimeádann an bord roghnúcháin an ceart chun aon iarratasóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.**

## 8. COINNÍOLLACHA MAIDIR LE HEARCAÍOCHT

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis fostaíthe ar chonradh cúig bliana i gcomhréir le hAirteagal 8 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh mar bhall foirne sealadach a earcófar faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ar ghrád AD 16.

Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi dul faoi thréimhse phromhaidh naoi mí i gcomhréir le hAirteagal 14 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Tá gá le himréiteach slándála don phost seo lena gceadaítear rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe (leibhéal SECRET UE/EU SECRET). Ní mór d'iarrthóirí atá ag cur isteach ar an bpost a bheith sásta dul faoi scagadh slándála. Ní dheimhneofar ceapachán chuig an bpost ach amháin ar choinníoll go mbeidh deimhniú bailí imréitigh slándála faighte ag an iarrthóir a roghnófar. Déanfar iarrthóir nach bhfuil imréiteach slándála aige a bhriseadh as a phost gan fógra de réir fhorálacha Airteagal 50(1) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Mí amháin ar a laghad sula dtosóidh an t-iarrthóir rathúil ag obair, beidh air na bundoiciméid a chur isteach a úsáidtear chun a chruthú ina iarratas go gcomhlíonann sé na critéir iontrála.

Ina theannta sin, agus gan dochar do na ceanglais thuas, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi tabhairt faoi rialacha áirithe eitice a chomhlíonadh. Tugtar aird na n-iarrthóirí ar na srianta a fhorchuirtear le Rialacháin Foirne Oifige an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí seachtracha, tascanna agus coinbhleachtaí leasa (Airteagail 11, 11a, 12b, 13 agus 15 de na Rialacháin Foirne), a bhfuil feidhm acu maidir le foireann shealadach faoi Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Ar mhaithe le neamhspleáchas an iarrthóra rathúil, beidh air a bheith saor ó aon oibleagáidí gairmiúla roimh ré ar a dhéanaí faoin am a thosóidh sé ag obair. Beidh sé de cheangal air aon bhearta riaracháin is gá a dhéanamh chun na críche sin.

Más oifigeach den Aontas Eorpach an duine, ní mór dó éirí as a phost reatha nó saoire a fháil ar chúiseanna pearsanta.

## 9. AMCHLÁR SEALADACH PHRÍOMHCHÉIMEANNA AN NÓS IMEACHTA

28 Bealtaine 2026:	An dáta deiridh chun iarratais a chomhdú
Tús mhí Mheán Fómhair 2026:	Ionad measúnaithe
Lár mhí Mheán Fómhair 2026:	Agallaimh leis an bpainéal roghnúcháin
12 Deireadh Fómhair 2026:	Cinneadh ón mBiúro

Tá an t-amchlár sealadach agus faoi réir a mhodhnaithe. Cuirfear na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta ar an eolas in am trátha.

## 10. NÓTAÍ

Tá sé beartaithe an post a líonadh an 16 Nollaig 2026, faoi réir infhaighteacht an bhuiséid.

Áiritheoidh CnaR go láimhseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i gcomhréir iomlán le forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>.

Chun teacht ar fhaisnéis a bhaineann le Cosaint Sonraí, féach an Fógra Cosanta Sonraí: Cosaint sonraí – Coiste Eorpach na Réigiún <sup>(6)</sup>

Is fostóir comhdheiseanna é Coiste na Réigiún, rud a chuireann cosc ar aon idirdhealú.

*Uachtarán*  
*Choiste Eorpach na Réigiún*  
Kata TÜTTŐ

---

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

<sup>(6)</sup> <https://cor.europa.eu/en/data-protection>.

## IARSCRÍBHINN I

## FÓGRA EARCAÍOCHTA UIMH. COR/SG/AD16/01/26

## DEARBHÚ

## AN t-IARRTHÓIR

**Sloinne, céadainm:** .....

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid uile a sholáthraítear le m'iarratas fíor agus iomlán.

Dearbhaím leis seo gurb amhlaidh, ar an dáta deiridh chun iarratais a líonadh isteach (an 28 Bealtaine 2026):

- i. Is náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mé;
- ii. Tá mo chearta iomlána mar shaoránach á dteachtadh agam;
- iii. Tá mo chuid oibleagáidí maidir le seirbhís mhíleata reachtúil comhlíonta agam;
- iv. Tá na teistiméireachtaí carachtair is gá agam chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- v. Comhlíonaim, chomh fada agus is eol dom, na ceanglais maidir le folláine choirp chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- vi. Tá leibhéal oideachais agam is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, **nó** leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr **agus** taithí ghairmiúil chúig bliana amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad;
- vii. Tá taithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad agam tar éis dom an dioplóma dá dtagraítear sa phointe roimhe seo a fháil; i gcás inar trí bliana an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, measfar gur cuid dhílis den dioplóma an bhliain de thaithí ghairmiúil is gá chun an tréimhse oideachais sin a chomhlánú agus beidh an taithí sin sa bhreis ar an 15 bliana de thaithí ghairmiúil is gá; tá cúig bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil faighte i bpost bainistíochta sinsearaí;
- viii. Tá sáreolas agam ar theanga oifigiúil den Aontas Eorpach agus eolas sásúil ar cheann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh;
- ix. Tá eolas maith (leibhéal B2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) agam ar an mBéarla nó ar an bhFraincis ar a laghad.

**Is cuid dhílis den iarratas an dearbhú seo, mar aon leis an seicliosta, agus ní mór é a chur i gceangal le mo litir iarratais oifigiúil.**

Tá a fhios agam:

- go ndiúltófar m'iarratas má tá aon cheann de na doiciméid is gá faoi choinníollacha an fhógra earcaíochta ar iarraidh ó m'iarratas;
- go gcuirfidh aon dearbhú bréagach m'iarratas ó bhail go huathoibríoch.

Dáta: ..... Síniú: .....

\_\_\_\_\_

## IARSCRÍBHINN II

## FÓGRA EARCAÍOCHTA UIMH. COR/SG/AD16/01/26

## SEICLIOSTA

## AN t-IARRTHÓIR

Sloinne, céadainm: .....

dearbhaítear leis seo go bhfuil na doiciméid seo a leanas faoi iamh leis an iarratas (cuir cros sna boscaí cuí):

		TÁ	NÍL
1.	Cóip de dhioplóma ollscoile lena bhfianaítear 4 bliana staidéir ar a laghad <b>nó</b> Cóip de dhioplóma ollscoile lena bhfianaítear staidéar 3 bliana ar a laghad <b>agus</b> agus cruthúnas ar thaithí ghairmiúil iomchuí bliana ar a laghad	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
2.	Cruthúnas ar thaithí ghairmiúil 15 bliana, agus 5 bliana ar a laghad bainte amach i bpost ardbhainistíochta	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
3.	Cóip de dhoiciméad aitheantais oifigiúil	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
4.	Litir chumhdaigh (5 leathanach ar a mhéad) (EN nó FR)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
5.	CV i bhformáid Europass (EN nó FR)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
6.	Dearbhú, sínithe agus dátaithe	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Dáta: ..... Síniú: .....

\_\_\_\_\_